

Iarratais a phróiseáil a bhaineann le hAthrú Cúinsí (CIC) i dtimpeallachtaí Luathbhlianta (Réamhscoile)

Le roinnt seachtainí anuas tá Foirne Tacaíochta Clárúcháin de chuid Luathbhlianta i dteagmháil le soláthróirí i dtimpeallachtaí réamhscoile a bhfuil iarratais déanta acu chun athruithe a dhéanamh ar a gcuid sonraí clárúcháin. Rinneadh cuid de na hiarratais seo tríd an bpróiseas chun clárú a athnuachan nuair a bhí sé riachtanach é seo a dhéanamh ag deireadh na bliana seo caite. Rinneadh cuid eile tríd an ngnáthphróiseas iarratais CIC.

Mar chuid den phróiseas chun iarratais a cheadú, ní mór iniúchadh a dhéanamh atá oiriúnach don fheidhm maidir le hiarratais a bhaineann le hathrú seolaidh, athrú ar an gcineál seirbhíse ó sheirbhís Seisiúnach go dtí lá iomlán, nó athrú ar líon na leanaí ar féidir freastal orthu, (atá á éascú trí athrú ábhartha ar fhoirgneamh atá ann cheana féin). Ina theannta sin agus mar a cuireadh in iúl roimhe seo sa **'Treoir maidir le Riachtanais Dhóiteáin agus Phleanála don Phróiseas Athchlárúcháin agus Athrú Cúinsí do Sheirbhísí Luathbhlianta – Lúnasa 2019'**, ní mór deimhniú dóiteáin agus cáipéisí leasaithe pleanála a chur isteach leis an iarratas. Ní féidir iarratas ar athruithe a phróiseáil mura bhfuil na cáipéisí seo ann.

Do sholáthróirí atá i mbun an phróisis athchlárúcháin a dhéanamh faoi phróiseas Cuid B, tabhair do bhur n-aire go bhfuil deimhniú dóiteáin, cead pleanála agus cáipéisí árachais riachtanach agus ba chóir go léireoidís go cruinn sonraí na seirbhíse mar atá siad leagtha amach i d'iarratas.

Má tá ceisteanna ag soláthróirí nó cúnamh ag teastáil uathu, déan teagmháil linn ag an seoladh ríomhphoist a leanas. D'fhiosrúcháin Cuid B téigh i dteagmháil le re.registration@tusla.ie. Bain úsáid as an uimhir aitheantais Tairisí atá ar an iarratas.

D'fhiosrúcháin a bhaineann le hathrú cúinsí, déan teagmháil le ey.registration@tusla.ie. Ba chóir uimhir aitheantóra uathúil Tusla a bhaineann leis an tseirbhís a úsáid. Cabhróidh sé seo linn na fiosrúcháin a phróiseáil go héifeachtúil.

Is mise, le meas,



Mike Corcoran,
Ceannasaí Clárúcháin & Forfheidhmiúcháin,
Rialú Seirbhísí Leanaí,
An Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach.

Iúil 14th 2020